# Túr tumadóireachta

Meánleibhéal 1 (B1)

## A: MACHNAMH

Beidh tú ag féachaint ar ball ar mhír faoi thúr tumadóireachta (*diving tower*) i nGaillimh atá sa nuacht faoi láthair. Bí ag obair leis an duine in aice leat agus pléigí na ceisteanna thíos le chéile. Líonaigí isteach an tábla **stór focal** freisin le linn na cainte.

| Na focail atá agat: | Na focail ba mhaith leat a fhoghlaim: |
|---|---|
| túr tumadóireachta<br>an fharraige<br>comhlachtaí | *consultation process*<br>*revamp*<br>*funding* |

1. Féach ar an bhfear sa phictiúr. Cad atá ar siúl aige? Conas a mhothaíonn sé, dar leat?






2. Féach ar an mbean sa phictiúr eile. Tá sí ag teacht amach as an bhfarraige. Conas a mhothaíonn sise, dar leat?
3. An maith leat féin a bheith ag snámh san fharraige? Cén fáth?
4. Cén chuma atá ar an túr tumadóireachta? Cén fáth?





## B: FOCLÓIR

1. Meaitseáil na focail Ghaeilge ar chlé leis na focail Bhéarla ar dheis.

| | |
|---|---|
| 1. próiseas comhairliúcháin | a. *draft business case* |
| 2. a athchóiriú | b. *residents* |
| 3. togra | c. *repair* |
| 4. maoiniú | d. *to revamp, restore* |
| 5. dréachtchás gnó | e. *energy* |
| 6. cuir i dtoll a chéile | f. *climate change* |
| 7. athrú aeráide | g. *to express opinions* |
| 8. measúnú | h. *consultation process* |
| 9. deisiúchán | i. *put together* |
| 10. fuinneamh | j. *funding* |
| 11. áitritheoirí | k. *evaluation* |
| 12. tuairimí a nochtadh | l. *proposal* |

| 1 | 2 | 3 | 4 | 5 | 6 | 7 | 8 | 9 | 10 | 11 | 12 |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | | | | | | | | | | | |

2. Féach ar an abairt thíos agus cuir tic leis an bhfreagra ceart.

‘Bhí na pleananna beagnach <u>curtha i gcrích</u> sa bhliain 2017’.

Nuair a chuireann tú rud éigin i gcrích, tá sé:

□ déanta □ scriosta □ seolta

3. Cad is brí leis an bhfocal ‘cáil’?

________________________________________

4. Cad is brí le ‘an Aoine bheag seo’?

________________________________________

## C: TUISCINT

1. Féach ar an mír den chéad uair agus freagair na ceisteanna thíos.

| | |
|---|---|
| a) | Cá bhfuil an túr tumadóireachta seo go díreach? |
| | |
| b) | Cé mhéad a chosnóidh sé an túr a athchóiriú? |
| | |
| c) | Cá bhfaighidh an chomhairle an t-airgead? |
| | |
| d) | Cén fáth a bhfuil imní ar an gcomhairle faoi struchtúr an túir? |
| | |
| e) | Deir John Connolly go bhfuil an túr an-tábhachtach. Cén fáth a ndeir sé é sin? |
| | |
| f) | Cén tábhacht atá ag an túr i saol Sarah McGinn agus don cheantar go ginearálta, dar léi? |
| | |
| g) | Cad a bheidh ar siúl ar an Aoine agus ar an Satharn? |
| | |

2. Féach ar an mír den dara huair agus bain úsáid as na focail Ghaeilge faoi B: FOCLÓIR chun na bearnaí a líonadh sna habairtí seo:

- Beidh seans ag daoine a d____________________ ar an Aoine.
- Tá _________________ á chur _________________ faoi láthair chun ______________ a lorg.
- Rinne siad _____________ ar an túr agus is léir go bhfuil damáiste á dhéanamh de bharr _________________.
- Cosnóidh an _____________ na milliúin euro.
- Tá sé i gceist _______________ iomlán a dhéanamh ar an túr.
- Tá tús curtha le _________________________ chun an túr tumadóireachta ______________.
- Téann Sarah McGinn ag snámh cúig lá sa tseachtain agus tugann sé _____________ di.
- Beidh oíche chomhairliúcháin ann d'_________________ ar an Aoine.

# D: FEASACHT TEANGA

## 1: Cruinneas gramadaí (an aimsir fháistineach)

a) Bí ag obair leis an duine in aice leat agus féachaigí ar na briathra thíos atá san aimsir fháistineach. Cad is féidir libh a rá faoi dheirí na mbriathra? Bainigí úsáid as na téarmaí thíos agus sibh ag caint:

‘caol le caol; leathan le leathan’ & ‘an chéad réimniú; an dara réimniú’

| Ól | Cuir | Ceannaigh | Bailigh |
|---|---|---|---|
| ólfaidh mé, tú, sé, sí<br>ólfaimid<br>ólfaidh sibh, siad | cuirfidh mé, tú, sé, sí<br>cuirfimid<br>cuirfidh sibh, siad | ceannóidh mé, tú, sé, sí<br>ceannóimid<br>ceannóidh sibh, siad | baileoidh mé, tú, sé, sí<br>baileoimid<br>baileoidh sibh, siad |
| an ólfaidh siad?<br>ólfaidh / ní ólfaidh | an gcuirfidh sé?<br>cuirfidh / ní chuirfidh | an gceannóidh tú?<br>ceannóidh / ní cheannóidh | an mbaileoidh tú?<br>baileoidh / ní bhaileoidh |
| an ólfar?<br>ólfar<br>ní ólfar | an gcuirfear?<br>cuirfear<br>ní chuirfear | an gceannófar?<br>ceannófar<br>ní cheannófar | an mbaileofar?<br>baileofar<br>ní bhaileofar |

b) Conas a fhuaimnítear an ‘f’ sna briathra thuas? ________________________________________

## 2: Cruinneas gramadaí (an aimsir fháistineach - aistrigh)

Athscríobh an t-alt gearr thíos san aimsir fháistineach. Bíodh na briathra mírialta os do chomhair amach agus cuimhnigh ar na rialacha thuas.

**Chuaigh** mé go dtí an trá Dé Sathairn seo **caite**. **Bhí** an lá go haoibhinn. **Léim** mé isteach san fharraige ón túr tumadóireachta. **Bhí** an fharraige an-fhuar ach **bhain** mé sult as bheith ag snámh le mo chuid cairde. **Chaith** muid timpeall leathuair an chloig ag pleidhcíocht san uisce. **Chuaigh muid** le haghaidh lóin ansin i gcaifé beag cois farraige agus **bhí** anraith breá te agam agus latte. **D’fhreastail muid** ar rang ióga ansin ar feadh uair an chloig. **D’imir** cuid againn friosbaí ar an trá tar éis an ióga agus **lig** cuid eile againn ár scíth …

# E: CUMARSÁID

## 1: Caint

### Cuid A

Beidh tú féin agus do chuid cairde (na daoine i do ghrúpa) ag dul go dtí Bóthar na Trá an Satharn beag seo agus beidh an aimsir go hálainn. Féachaigí ar an bhfíseán beag seo le chéile ar dtús agus ansin déanaigí plean le chéile faoi na rudaí a dhéanfaidh sibh. Féachaigí ar na ceisteanna thíos chun cuidiú libh:

Cén t-am a rachaidh sibh ann?
Cé a bheidh libh?
Conas a rachaidh sibh ann?
Cad a dhéanfaidh sibh?
Cad a íosfaidh sibh?
Cé mhéad a chosnóidh an lá?



### Cuid B

Tarlaíonn eachtra agus sibh ar an trá. Déanaigí cur síos a) ar an méid atá ag tarlú sna pictiúir agus b) ar dheireadh an scéil.








## 2: Scríobh

Tá tusa ag iarraidh dul go dtí an trá ag an deireadh seachtaine ach níl do chara ag iarraidh dul leat. Ba mhaith leat go n-athródh sí/sé a (h)intinn. Scríobh téacs chuig do chara ag déanamh cur síos ar na rudaí ar fad a dhéanfaidh sibh ann agus ar an bhfáth a dtaitneoidh an lá léi/leis.

| |
|---|
| Beidh an lá go haoibhinn, beidh an ghrian ag soilsiú agus beidh sé te. |
| Rachaidh muid … |
| |
| |
| |
| |
| |
| |

## 3. Cad a d'fhoghlaim tú?

Líon an bosca thíos leis an stór focal nua a d'fhoghlaim tú sa rang seo. Téigh siar go dtí **A: MACHNAMH** chun an méid a scríobh tú sna boscaí sin a sheiceáil.

| **Na focail agus frásaí nua atá anois foghlamtha agat:** |
|---|
| |

# AN SCRIPT

**Eibhlín Ní Choistealbha**
Tá tús curtha ag Comhairle Cathrach na Gaillimhe le próiseas comhairliúcháin chun túr tumadóireachta Bhóthar na Trá sa chathair a athchóiriú, togra a chosnóidh na milliúin euro. Ach níl aon airgead ar fáil don gcomhairle[1] chun an obair a dhéanamh, a dúradh ag cruinniú de chuid na comhairle inné. Beidh maoiniú á lorg ó chomhlachtaí éagsúla don dtogra.

**Aodhán Ó Maoileoin**
Ag cruinniú de chuid Chomhairle Cathrach na Gaillimhe, tugadh le fios go gcosnódh athchóiriú thúr tumadóireachta na Carraige Duibhe i mBóthar na Trá na milliúin euro seachas na mílte, agus nach bhfuil an t-airgead ag an gcomhairle chun an t-athchóiriú a dhéanamh. Tá dréachtchás gnó á chur i dtoll a chéile faoi láthair, ina mbeidh maoiniú á lorg ó chomhlachtaí éagsúla – Fáilte Éireann, ina measc.

In 2017, bhí pleananna beagnach (curtha) i gcrích athchóiriú a dhéanamh ach cuireadh stop leis an togra mar go raibh míshástacht léirithe ag an bpobal. Tá imní anois ar an gcomhairle faoi struchtúr an túir tumadóireachta de bharr athrú aeráide.

**John Connolly TD, Fianna Fáil**
Chuireamar stop leis an obair in 2016-2017 mar gheall ar nach raibh an pobal sásta leis na pleananna. Bhí ar an gcomhairle cathrach dul ar ais agus breathnú air arís. Tá sé sin ag tarlú ó shin. Rinne siad measúnú ar an struchtúr an bhliain seo caite agus tháinig eolas breise uaidh sin, ná go bhfuil imní orthu faoin struchtúr agus go bhfuil gá leis an obair. Agus teastaíonn an rud seo. Tá cáil ar an túr agus tá cáil ar Bhóthar na Trá, b’fhéidir, mar gheall ar an túr. *So*, is rud tábhachtach é; is rud tábhachtach é do chúrsaí turasóireachta – cúrsaí spraoi chomh maith.

**Aodhán Ó Maoileoin**
Mar chuid den phlean don túr tumadóireachta aitheanta, tá sé i gceist deisiúchán iomlán a dhéanamh, chomh maith le feabhas a chur ar an mbealach isteach chuig an túr.

**Sarah McGinn, Bóthar na Trá**
Bím anseo beagnach cúig lá sa tseachtain. Bím ag snámh ar maidin – tugann sé fuinneamh iontach dom don lá. Bíonn mo lá i bhfad níos fearr tar éis an tsnámha. Tagann go leor daoine ó chontaetha agus ó thíortha eile, fiú amháin, chun é a fheiceáil agus ceapaim go bhfuil sé sin mar gheall ar an mbéim atá curtha air sa tsláinte faoi láthair. *So*, tá sé *really* go deas go bhfuil áit a bhfuil daoine in ann bailiú le chéile, a bheith ag snámh san uisce, san fharraige agus ansin, b’fhéidir, caife a ól tar éis. *So*, tá sé an-tábhachtach go bhfuil sé fós ann.

**Aodhán Ó Maoileoin**
Beidh oíche chomhairliúchán ar bun ar an Aoine bheag seo in Óstán Bhóthar na Trá le deis a thabhairt d’áitritheoirí an cheantair a dtuairimí a nochtadh faoin togra. Agus ar an Satharn, beidh suirbhé á dhéanamh ar an bpromanáid.

Aodhán Ó Maoileoin, Nuacht TG4, i mBóthar na Trá.

[1] Canúint na Mumhan atá ag an gcainteoir seo; mar sin, cloítear le nósanna na canúna sin maidir le réamhfhocail agus an t-alt, mar shampla, urú seachas séimhiú i ndiaidh ‘den’ agus ‘don’, agus urú ar ainmfhocail dar tús ‘d’ agus ‘t’.

# NÓTAÍ & FREAGRAÍ

## A: MACHNAMH

Cleachtadh gearr cainte é seo chun tús a chur le rang bríomhar ina mbeidh na foghlaimeoirí ag féachaint ar mhír nuachta, ag déanamh cleachtaí cluastuisceana agus ag comhrá faoi thopaic a bhaineann leis an mír ansin.

An aidhm atá leis na ceisteanna/gníomhaíochtaí sa chuid seo den cheacht ná go mbeidh deis ag na foghlaimeoirí 'machnamh' a dhéanamh ar an méid atá ar eolas acu faoin scéal (mír nuachta) atá le teacht. Lig do na foghlaimeoirí iad féin a ullmhú don topaic trí tharraingt ar an méid atá ar eolas acu cheana féin faoin scéal, trí chur agus cúiteamh a dhéanamh lena gcomhfhoghlaimeoirí agus trí mhachnamh a dhéanamh ar an stór focal atá acu agus **nach bhfuil** acu chun plé a dhéanamh ar an topaic. Iarr ar na foghlaimeoirí nóta a ghlacadh, sa tábla *stór focal*, de na focail atá acu cheana féin, ach níos tábhachtaí fós de na focail nach bhfuil acu i nGaeilge chun an topaic a phlé. Is féidir leo na focail atá in easnamh a scríobh sa tábla *stór focal* i mBéarla nó i dteanga ar bith. Ná bí buartha má théann na foghlaimeoirí i muinín an Bhéarla sa chuid seo den cheacht. Mínigh dóibh go bhfoghlaimeoidh siad go leor stór focal le linn an ranga chun an topaic a phlé ar ball. Tá sé tábhachtach béim a chur ar an méid **atá** ar eolas ag na foghlaimeoirí sa dóigh is go mbeidh siad oscailte agus dearfach faoin eispéireas foghlama atá le teacht. Beidh deis acu machnamh a dhéanamh ar an méid atá foghlamtha acu ag deireadh an ranga.

Tabhair deis dóibh na ceisteanna a phlé le chéile.

## B: FOCLÓIR

1. Freagraí:

| | |
|---|---|
| próiseas comhairliúcháin | *consultation process* |
| a athchóiriú | *to revamp, restore* |
| togra | *proposal* |
| maoiniú | *funding* |
| cás gnó | *business case* |
| cuir i dtoll a chéile | *put together* |
| athrú aeráide | *climate change* |
| measúnú | *evaluation* |
| deisiúchán | *repair* |
| fuinneamh | *energy* |
| áitritheoirí | *residents* |
| tuairimí a nochtadh | *to express opinions* |

| 1 | 2 | 3 | 4 | 5 | 6 | 7 | 8 | 9 | 10 | 11 | 12 |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| h | d | l | j | a | i | f | k | c | e | b | g |

2. Déanta.
3. Ciallaíonn 'cáil' *fame* nó *reputation*.
4. An Aoine bheag seo – *this Friday*.

## C: TUISCINT

1. Féach an script.

2. Freagraí:
   - Beidh seans ag daoine a d**tuairimí a nochtadh** ar an Aoine.
   - Tá **cás gnó** á chur **i dtoll a chéile** faoi láthair chun **maoiniú** a lorg.
   - Rinne siad **measúnú** ar an túr agus is léir go bhfuil damáiste á dhéanamh de bharr **athrú aeráide**.
   - Cosnóidh an **togra** na milliúin euro.
   - Tá sé i gceist **deisiúchán** iomlán a dhéanamh ar an túr.
   - Tá tús curtha le **próiseas comhairliúcháin** chun an túr tumadóireachta **a athchóiriú**.
   - Téann Sarah McGinn ag snámh cúig lá sa tseachtain agus tugann sé **fuinneamh** di.
   - Beidh oíche chomhairliúcháin ann d'**áitritheoirí** ar an Aoine.

## D: FEASACHT TEANGA

### 1: Cruinneas gramadaí (an aimsir fháistineach)

a) Freagraí:

(Tugtar 'consan leathan' ar chonsan a bhfuil na gutaí 'a', 'o' nó 'u' taobh leis. 'Consan caol' a thugtar ar chonsan a bhfuil na gutaí 'i' nó 'e' taobh leis.)

Baineann na briathra 'ól' agus 'cuir' leis an gcéad réimniú agus dá bhrí sin, is iad na deirí seo thíos a bhíonn acu san aimsir fháistineach ag brath ar an riail 'caol le caol agus leathan le leathan':

| **Fréamh an bhriathair (céad réimniú)** | | **deirí an bhriathair** |
|---|---|---|
| ól (críochnaíonn an briathar sin ar chonsan leathan mar tagann 'ó' roimh an 'l'.) | + | -faidh / -faimid / -far |
| leathan | le | leathan |

| **Fréamh an bhriathair (céad réimniú)** | | **deirí an bhriathair** |
|---|---|---|
| cuir (críochnaíonn an briathar sin ar chonsan caol mar tagann 'i' roimh an 'r'.) | + | -fidh / -fimid / -fear |
| caol | le | caol |

Baineann na briathra 'ceannaigh' agus 'bailigh' leis an dara réimniú agus dá bhrí sin, is iad na deirí seo thíos a bhíonn acu san aimsir fháistineach, ag brath ar an riail 'caol le caol agus leathan le leathan':

| **Fréamh an bhriathair (dara réimniú)** | | **deirí an bhriathair** |
|---|---|---|
| ceannaigh (críochnaíonn an briathar sin ar '-aigh') | + | -óidh / -óimid / -ófar |
| leathan | le | leathan |

| **Fréamh an bhriathair (céad réimniú)** | | **deirí an bhriathair** |
|---|---|---|
| bailigh (críochnaíonn an briathar sin ar '-igh') | + | -eoidh / -eoimid / -eofar |
| caol | le | caol |

Ní fhuaimnítear an 'f' san aimsir fháistineach, de ghnáth.

## 2: Cruinneas gramadaí (an aimsir fháistineach - aistrigh)

Freagraí:

| |
|---|
| **An aimsir chaite**<br>**Chuaigh** mé go dtí an trá Dé Sathairn seo **caite**. **Bhí** an lá go haoibhinn. **Léim** mé isteach san fharraige ón túr tumadóireachta. **Bhí** an fharraige an-fhuar ach **bhain** mé sult as bheith ag snámh le mo chuid cairde. **Chaith** muid timpeall leathuair an chloig ag pleidhcíocht san uisce. **Chuaigh muid** le haghaidh lóin ansin i gcaife beag cois farraige agus **bhí** anraith breá te agam agus latte. **D'fhreastail muid** ar rang ióga ansin ar feadh uair an chloig. **D'imir** cuid againn friosbaí ar an trá tar éis an ióga agus **lig** cuid eile againn ár scíth … |
| **An aimsir fháistineach**<br>**Rachaidh** mé go dtí an trá Dé Sathairn seo **chugainn**. **Beidh** an lá go haoibhinn. **Léimfidh** mé isteach san fharraige ón túr tumadóireachta. **Beidh** an fharraige an-fhuar ach **bainfidh** mé sult as bheith ag snámh le mo chuid cairde. **Caithfimid** timpeall leathuair an chloig ag pleidhcíocht san uisce. **Rachaidh** muid le haghaidh lóin ansin i gcaife beag cois farraige agus **beidh** anraith breá te agam agus latte. **Freastalóimid** ar rang ióga ansin ar feadh uair an chloig. **Imreoidh** cuid againn friosbaí ar an trá tar éis an ióga agus **ligfidh** cuid eile againn ár scíth |

## E: CUMARSÁID

### 1: Caint

Cuid A

Tabhair deis do gach grúpa plé a dhéanamh ar an lá a bheidh acu i mBóthar na Trá. Iarr ar gach grúpa na pleananna atá acu a rá os comhair an ranga.

Cuid B

Ansin, tabhair deis do na grúpaí céanna cur síos a dhéanamh ar na pictiúir. Caithfidh siad cinniúint an mhadra bhoicht a phlé le chéile ansin.

### 2: Scríobh

Abair leo téacs a scríobh ag tathant ar chara lá a chaitheamh leo ar an trá i mBóthar na Trá.

### 3: Cad a d'fhoghlaim tú?

Tabhair deis do na foghlaimeoirí nóta a dhéanamh de na rudaí nua atá foghlamtha acu. Bí cinnte go dtéann siad siar go dtí cuid A.